



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Clár Oibre 2025





Clár na nÁbhar

1.	Réamhrá	4
2.	Fís, Sainordú agus Luachanna	5
3.	Tosaíochtaí Straitéiseacha 2025-2027	6
4.	Ár Straitéis a Chur i bhFeidhm: Clár 2025	7
	Tosaíocht Straitéiseach 1: Comhlíonadh a Mhéadú agus Tacú Leis	7
	Tosaíocht Straitéiseach 2: Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú	9
	Tosaíocht Straitéiseach 3: Barr Feabhais Eagraíochtúil	10
5.	Ár dTionchar a Thomhas	12



Arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.

© Gach ceart ar cosaint.



Conor O'Brien

*Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin*

na príomhghníomhaíochtaí agus na gníomhaíochtaí nua a chuideoidh go sonrach le tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach in 2025. Leanfaimid orainn freisin ag cur clár oibre leathan gnó mar is gnách i bhfeidhm bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus an AE ar fud ár sainorduithe rialála go léir. Leanfaimid orainn ag imirt tionchair ar bheartas an AE agus ar ghníomhaíochtaí rialála agus ag cur leo trínár rannpháirtíocht ghníomhach i gcruinnithe, coistí agus meithleacha saineolaithe an AE. Pleanálfaimid an Fheidhmeannacht an clár iomlán, déanfaidh sí monatóireacht air, agus déanfaidh sé tuairisciú air don Bhord, don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus don phobal.

Faoinár sainchúram sábháilteachta agus sláinte ceirde táimid tiomanta chun thart ar 11,000 cigireacht a chur i bhfeidhm. Déanfaimid ár gcur chuige cigireachta a bheachtú go leanúnach chun díriú ar ghníomhaíochtaí ardriosca agus chun an tionchar dearfach is mó a bhaint amach dár n-iarrachtaí rialála. Beidh ár n-idirghabhálacha pragmatach agus beidh siad saincheaptha freisin le go mbeidh siad i gcomhréir le méid an fhiontair agus na rioscaí a bhaineann leis.

Déanfar measúnú agus fiosrúchán ar gach bás a bhaineann leis an obair. Déanfaimid measúnú freisin ar theagmhais thromchúiseacha san ionad oibre agus tabharfar tús áite do ghníomhaíocht fiosraithe cuí ionas go dtabharfaidh chun cuntais na sealbhóirí dualgais sin a chuireann a gcuid fostaíthe agus daoine eile i mbaol leibhéil shuntasacha riosca. Cinnteoidimid go mbeidh ár n-imscrúduithe éifeachtach agus éifeachtúil trí chomhoibriú le húdaráis forfheidhmithe agus comhlachtaí stáit eile.

Faoinár sainorduithe ceimiceacha rialála leanfaimid orainn ag comhlíonadh ár ról údaráis inniúil agus údaráis náisiúnta ainmnithe inár gclár náisiúnta cigireachta agus laistigh d'institiúidí an AE a oibríonn le chéile chun beartais an AE agus rialacháin an AE a chur i bhfeidhm.

Cuireann an clár bliantúil seo tús lenár dtimthriall straitéiseach nua, 2025-2027. Tá an clár deartha chun cabhrú lenár dtosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha uailmhianacha a chur i bhfeidhm ar fud ár sainorduithe go léir.

Cuirtear an clár foilsithe seo i láthair ar ardleibhéal, chun díriú ar

Leanfaimid de thacaíocht a sholáthar do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear frontair níos lú, agus cuirfimid úsáid shábháilte agus inbhuanaithe ceimiceán chun cinn trínár nDeasc Chabhrach Ceimiceán náisiúnta agus trí ghníomhaíochtaí feasachta do pháirtithe leasmhara.

Faoinár sainordú um Fhaireachas Margaidh tabharfaimid faoi mheasúnuithe ar cheimiceáin agus ar tháirgí tionsclaíocha a chuirtear ar mhargadh na hÉireann.

Trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC), cuirfimid clár 2025 i bhfeidhm faoin Straitéis um Chreidiúnú, 2022-2026, agus leanfaimid orainn ag dul i dteagmháil leis an Rialtas agus leis an tionscal chun creidiúnú a chur chun cinn mar chuid lárnach de mhúinín agus iontaoibh a chothú i bhfiontraíocht, trádáil agus seirbhísí poiblí na hÉireann.

Leanfaimid orainn ag forbairt ár n-ardáin cásbhainistíochta nua, chun feidhmiúlacht níos airde agus níos mó gnéithe atá dírithe ar chustaiméirí a thabhairt isteach. Mar a thugtar chun suntais inár straitéis, leanfaimid orainn ag earcú, ag coinneáil agus ag forbairt na scileanna agus an tsaineolaí a theastaíonn chun ár sainorduithe a chur i bhfeidhm. Beimid ag déanamh ullmhúchán do sceideal imeachtaí an Údaráis d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026.

Is tosaíocht faoinár Straitéis 2025-2027 é barr feabhais eagraíochtúil a bhaint amach. Tá sé d'uailmhian againn leanúint ar aghaidh ag feabhsú ár mbealaí oibre de réir na tosaíochta seo agus na moltaí ó Bhord an Údaráis. Bunófar roinnt tionscadail shonracha mar chuid den obair seo chun aghaidh a thabhairt ar réimsí riosca ar leith. Beidh sé mar aidhm ag na tionscadail seo luach ár n-acmhainní go léir a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as an raon iomlán idirghabhálacha atá ar fáil don Údarás (cosúil le comhairle agus treoir, comhoibriú le páirtithe leasmhara, athrú beartas agus reachtaíochta, gníomhaíocht na meán, teagmháil le hionaid teagmhála, chomh maith le cigireachtaí). Tá sé mar aidhm ag an Údarás freisin méadrachta aschuir shimplí a fhágáil ina ndiaidh agus forbróidh sé creat tuairiscithe bunaithe ar thorthaí chun an tionchar dearfach a chuireann na tionscadail seo ar fáil a léiriú.

Conor O'Brien

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Fís, Sainordú agus Luachanna

Fís

Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le frontair tháirgiúla.

Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí rialáil, a fhorfheidhmíú agus a chur chun cinn; agus an tseirbhís creidiúnaithe náisiúnta a chur ar fáil.

Sainordú

- ▶ Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag obair agus daoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu a rialáil.
- ▶ Tionchar a imirt ar fheabhsú shábháilteacht, shláinte, agus leas na ndaoine ag an obair agus na ndaoine a dtéann gníomhaíochtaí oibre i bhfeidhm orthu.
- ▶ Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil, soláthar, stóráil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil is a chur chun cinn.
- ▶ Faireachas Margaidh i dtaca le reachtaíocht ábhartha mhargadh aonair na hEorpa a neartú.
- ▶ A bheith ar an gcomhlacht náisiúnta creidiúnaithe d'Éirinn.

Ár bPRÍOMHluachanna

Comhoibriú:

Is eagraíocht duine-lárnach muid a bhíonn ag éisteacht, ag dul i gcomhairle agus ag comhoibriú le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.

Béim ar thorthaí:


Leagaimid béim lenár gcuid oibre go léir ar thorthaí níos fearr a bhaint amach.

Freagrúlacht:

Is eagraíocht fhorásach sinn a spreagann feabhsú leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí chun bonn eolais a chur faoinár ngníomhartha, agus déanaimid an méid a d'fhoghlaimíomar a mheas agus a chomhroinnt.

Eitic:

Cloímid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eiticiúla is airde. Cothóimid muinín ionainn trí fhreagracht a léiriú agus ár seirbhísí a chur ar fáil ar bhealach críochnúil, comhsheasmhach agus cothrom.



Tosaíocht Straitéiseach 1:

Comhlíonadh a Mhéadú agus Tacú Leis

COMHLÍONADH
A MHÉADÚ
AGUS TACÚ LEIS

Cultúr comhlíonta, comhoibríthe agus dea-chleachtais a dhaingniú.



Na réimsí is mó riosca inar féidir linn an tionchar is mó a imirt a aithint agus béim a leagan orthu

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Freagairt go cuí do theagmhais shuntasacha, d'éigeandálaí agus do ghearáin san ionad oibre.
- ▶ Clár de thart ar 11,000 cigireacht a chur ar bhfeidhm faoinár sainchúram sábháilteachta agus sláinte ceirde.
 - Sábháilteacht Ceirde: Beidh feachtais cigireachta spriocdhírthe ar siúl san earnáil foirgníochta, cairéil, láithreáin déantúsaíochta, áiseanna dramaíola agus athchúrsála agus dugáil agus calafoirt. Ina theannta sin, beidh trí fheachtas cigireachta trasearnála ar na nithe seo a leanas: oibriú feithicle in ionaid oibre; bainistiú guaise sciortha, tuislí agus titime; agus rioscaí dóiteáin a bhainistiú in ionaid oibre.
 - Sláinte ceirde: Beidh feachtais cigireachta spriocdhírthe ar siúl san earnáil sláinte agus cúraim shóisialta agus san earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta, ina ndíreofar ar na réimsí is mó rioscaí. Ina theannta sin, déanfaimid cigireachtaí ina ndíreofar ar bhainistiú guaiseacha agus rioscaí a bhaineann le gníomhaithe ceimiceacha, fisiceacha, bitheolaíocha agus eirgeanamaíocht. Díreofar go háirithe ar neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair, ar ailsí ceirde, ar shláinte shíceasóisialta ag an obair, ar fhaireachas sláinte agus ar shláinte chardashoithíoch.
- ▶ Na bearta forfheidhmithe leantacha riachtanacha a chur i bhfeidhm chun tionchar droch-chleachtais SSC a laghdú agus caighdeán a ardú. Déanfaimid obair leantach de réir mar is gá chun torthaí na n-idirghabhálacha roimhe seo a fhíorú.
- ▶ Comhoibríú, mar is cuí, le húdaráis forfheidhmithe eile agus le comhlachtaí stáit chun a chinntiú go bhfuil ár n-imscrúduithe éifeachtach agus éifeachtúil.
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag aithint guaiseacha as a dtagann riosca agus a dteastaíonn feabhsúcháin agus uasghrádú uathu.
- ▶ Úsáid a bhaint as an raon iomlán idirghabhálacha atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha. I measc na dtionscadal ar leith a bhainfidh leas as an gcur chuige seo in 2025 tá:
 - Suiteáil sábháilte painéal gréine baile
 - Feabhas a chur ar cháilíocht an aeir laistigh in ionaid oibre
 - Rialú maidir le húsáid shábháilte pipearónail, an tocsain atáirgthe
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar ár bpróisis rialála chun a chinntiú go dtugaimid aghaidh ar ghníomhaíochtaí ardriosca ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus comhréireach. Go sonrach, déanfaimid iniúchadh ar chur chuige, ina nglacann foireann an phríomhfheagracht as maoirseacht agus cigireacht a dhéanamh ar fhostóirí móra il-láithreacha. Beidh sé mar aidhm sa chur chuige seo próisis rialála a shruthlíniú, forfheidhmiú comhsheasmhach na gcaighdeán a chinntiú ar fud gach láithreáin atá faoi chúram fostóirí, agus cur ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla in áit lárnach.
- ▶ Clár cigireachtaí ceimiceán a chur i bhfeidhm atá dírithe ar ghníomhaíochtaí ceimiceán ardriosca. Féach tábla méadrachta aschuir ar leathanach 15.

- ▶ Measúnú a dhéanamh ar tháirgí tionsclaíocha agus ar tháirgí ceimiceacha. (Féach tábla méadrachta aschuir ar leathanach 15). Clár seiceálacha comhlíonta a dhéanamh ar tháirgí a dhíoltar ar líne mar chuid d'fheachtas forfheidhmithe ar fud an AE in 2025. Is éard a bheidh i gceist leis sin ná cigireacht a dhéanamh ar mhargadh na hÉireann le haghaidh táirgí ardriosca neamhchomhlíontacha atá marcáilte ag córais fógra faireachais margaidh an AE.
- ▶ Tuarascálacha sábháilteachta a mheasúnú, mionathruithe suntasacha a mheas agus comhairle pleanála talamhúsáide a sholáthar d'eagraíochtaí a thagann faoi na Rialacháin um Rialú ar Ghuaiseacha Mórtionóiscí.
- ▶ Rialáil a dhéanamh maidir le húsáid shábháilte pipearónail, an tocsain atáirgthe, trína áirithiú go mbaintear comhaontú amach san Eoraip chun measúnú agus moladh an Údaráis chun Pipearónal a aicmiú ar fud an AE mar thocsain atáirgthe a áireamh in Iarscríbhinn VI den Rialachán ALP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú) agus anailís ar rogha bainistithe riosca an AE a mheasúnú agus a aighniú lena gcinnfear cad iad na bearta rialála breise, más ann dóibh, a theastaíonn chun oibríthe agus tomhaltóirí a chosaint.
- ▶ Measúnú a dhéanamh ar na caighdeáin agus na nósanna imeachta sábháilteachta a bhaineann le téamh na n-umar a úsáidtear chun ceimiceáin ghuaiseacha a iompar chun an baol go dtarlóidh teagmhais mar thoradh ar róbhrú a chosc.
- ▶ Mar chuid den Straitéis um Chreidiúnú, líon na gComhlachtaí creidiúnaithe um Measúnú Comhréireachta in Éirinn a mhéadú chun freastal ar an éileamh agus chun tacú le tionscal na hÉireann.



Tacaíocht a thabhairt maidir le comhlíonadh agus é á fhorfheidhmiú nuair is gá

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:


- ▶ An Cód Cleachtais nuashonraithe ar úsáid shábháilte trucaíl tionsclaíocha in ionaid oibre a chur chun cinn.
- ▶ Trínár gComhpháirtíocht Sábháilteachta Cairéal, leanfaimid ar aghaidh ag aithint tosaíochtaí chun sábháilteacht agus sláinte a fheabhsú sa tionscal cairéal.
- ▶ Glacadh méadaithe uirlisí tacaíochta fiontraíochta an Údaráis agus acmhainní ríomhfhoghlama a chur chun cinn.
- ▶ Uirlisí BeSMART agus Work Positive an Údaráis a chur chun cinn chun cur ar chumas fostóirí aghaidh a thabhairt ar rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair.
- ▶ Modúl ríomhfhoghlama nua a fhorbairt ar na hathruithe reachtaíochta nua ar Rialachán ALP an AE agus na modúil ceimiceán atá ann cheana a uasghrádú.
- ▶ Idirghabhálacha tosaigh a chur i bhfeidhm chun frontair a bhainfeadh leas as fócas feabhsaithe ar chomhlíonadh a shainaithint agus chun obair leantach a dhéanamh orthu.



A bheith fadcheannach agus faire na fáistine a dhéanamh le haghaidh saincheistanna agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Ár dtionscnaimh um fhorbairt comhlíonta a bhunú ar na sonraí agus an fhianaise is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear faire na fáistine chun saol na hoibre amach anseo a mheas. Breathnóimid go háirithe ar úsáid shábháilte na róbataice ar fud na dtionscal déantúsaíochta.
- ▶ Próisis faire na fáistine a mheas agus príomhriachtanais taighde a shainaithint. Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh faire na fáistine maidir le seirbhísí poiblí níos leithne.
- ▶ Tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun rochtain ar shonraí breoiteachta ceirde a fheabhsú trí chomhlachtaí poiblí eile nó, i gcás an chórais leighis, chun a bheith mar bhonn eolais do thosaíochtaí inár gclár sláinte ceirde.
- ▶ Tríd an mbaint atá againn leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte, ceannaireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme náisiúnta an fheachtais ar fud an AE maidir le hObair Shábháilte agus Shláintiúil sa Ré Dhigiteach agus tionchar a imirt ar dhearadh agus ar fhorbairt an chéad fheachtais eile ó 2026-2028 ar ábhar na meabhairshláinte ag an obair.
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis an Rialtas agus le páirtithe leasmhara náisiúnta chun úsáid, forbairt agus cur chun cinn creidiúnaithe a uasmhéadú i soláthar seirbhísí poiblí agus i bhforbairt polasaithe náisiúnta.



Tosaíocht Straitéiseach 2:

Tionchar, Oideachas agus Comhoibriú

**TIONCHAR,
OIDEACHAS AGUS
COMHOIBRIÚ**

Tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara, oideachas a chur orthu agus comhoibriú leo, lena chinntiú go bhforbraítear saineolas cuí, go maolaítear rioscaí laistigh dár sainchúram, agus go gcosnaítear an tsochaí.



Príomhtheachtaireachtaí a dhíriú ar fhiontair bheaga, ar oibríthe féinhostaithe agus leochaileacha

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Tionscnaimh agus idirghabhálacha a fhorbairt atá dírithe ar ábhair atá ábhartha do FBManna, d'oibríthe féinhostaithe agus d'oibríthe leochaileacha, lena n-áirítear treoir a fhorbairt le haghaidh faisnéise d'earnálacha ardriosca na talmhaíochta, na foirgníochta, na déantúsaíochta, cairéal agus mianach.
- ▶ Uirlis BeSMART agus ár n-acmhainní ríomhfhoghlama a leathnú chun aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht ceimiceán, ar thalmhaíocht agus ar ghuaiseacha riospráide.



Tionchar réamhghníomhach imirt ar bheartas agus ar reachtaíocht trí úsáid a bhaint as ár saineolas

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Tacú leis an Roinn na treoracha nua AE ar aispeist, luaidhe agus dé-isicianáití a thrasuíomh.
- ▶ Cód Cleachtais a fhorbairt agus a fhoilsiú chun tacú le rialacháin nuashonraithe ar Ghníomhaithe Ceimiceacha agus Carcanaiginí, Só-ghineacha agus Tocsainí na mBall Síolraithe a thabhairt isteach.
- ▶ Leanúint ar aghaidh le saineolas teicniúil a sholáthar don Aire maidir le Rialacháin nua a fhorbairt de réir mar a theastaíonn siad ó na hearnálacha cairéalachta agus foirgníochta.
- ▶ Tionchar agus ionchur sa chéad chéim eile de ghníomhaíochtaí an AE agus de phacáistí reachtaíochta nua faoi Straitéis Cheimiceach an AE; go háirithe an pacáiste reachtaíochta 'Substaint Amháin, Measúnú Amháin' agus Athbhreithniú REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán).
- ▶ Páirt a ghlacadh i dtionscadal píolótach arna chomhordú ag an AE maidir le comhlíonadh na gceanglas i ndáil le fógra a thabhairt do lárionad nimhe i mballstáit.



Cultúr comhoibríthe le tionscal, páirtithe leasmhara agus soláthraithe oideachais a fhorbairt

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Caidrimh le páirtithe leasmhara a fhorbairt sna hearnálacha fóntais agus fuinnimh ghlais chun comhroinnt eolais a éascú.
- ▶ Tacú le trí Choiste Chomhairleacha an Bhoird (Sláinte agus Cúram Sóisialta, Sábháilteacht Feirme, Sábháilteacht Tógála) chun tacú lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.
- ▶ Acmhainní a fhorbairt tuilleadh d'Ionadaithe Sábháilteachta ar ábhair sláinte ceirde, lena n-áirítear rioscaí síceasóisialta a bhaineann leis an obair.
- ▶ Acmhainní a fhorbairt chun tacú le fostóirí cultúr dearfach sábháilteachta a chur chun cinn.
- ▶ Fóram Cliant a réachtáil do na Comhlachtaí Measúnaithe Comhréireachta creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Ina theannta sin, tacóimid le Comórtas Tomhais Anailíseach Eurachem (CTAE).
- ▶ Oibriú le soláthraithe oideachais chun plan oibre féideartha a scoipeáil le haghaidh ábhar an chúrsa lena chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna ag céimíthe i réimsí SSC agus rialála ceimiceán chun freastal ar riachtanais fostóirí agus rialtóra.

Tosaíocht Straitéiseach 3:

Barr Feabhais Eagraíochtúil

BARR FEABHAIS EAGRAÍOCHTÚIL

Eagraíocht uailmhianach, eiticíúil, aschur-dhírthe, nuálach agus sonraí-shaibhrithe, a chuireann ar chumas ár ndaoine ár sainordú a chur i gcrích.



Déanamh cinnte go bhfuil na scileanna cearta ag an Údarás don todhchaí

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Ár gclár Acadaimh Ceannaireachta a rolladh amach do bhainisteoirí; athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúrsa agus ceachtanna a foghlaimíodh a chur i bhfeidhm ar thionscnaimh cheannaireachta amach anseo.
- ▶ Tionscnaimh earcaíochta agus roghnóireachta nuálacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun iarrthóirí den scoth a mhealladh.
- ▶ Comhoibriú le comhpháirtithe seachtracha chun teacht ar eolas agus oilteacht shainiúil.
- ▶ Próisis oibre agus éifeachtúlacht a fheabhsú, trí chomhsheasmhacht mhéadaithe, cuntasacht agus feabhsú leanúnach, i gcomhréir le ISO 9001:2015
- ▶ Creat an Údaráis do bhainistiú géarchéime a dhaingniú, chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar an bhfoireann, go ndéantar tástáil ar phróisis, agus gur féidir leis an Údarás leanúnachas gnó a choinneáil i gcónaí.



A bheith nuálach agus sofhreagrúil

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Leas a bhaint as deiseanna chun eolas a roinnt le comhlachtaí poiblí eile chun ár léargais a leathnú tuilleadh.
- ▶ Teagmháil a dhéanamh le coistí comhairleacha an Bhoird d'earnálacha na sláinte agus cúraim shóisialta, na foirgníochta agus na talmhaíochta chun léargais na saineolaithe a bhailiú agus chun táscairí luatha a cheapadh chun treochtaí sa todhchaí agus dúshlán rialála ionchasacha i réimsí sonracha a thuar.
- ▶ Ár gcur chuige rialála a oiriúnú de réir mar is cuí chun léargas nua ar shonraí a léiriú.
- ▶ Ag leanúint ar aghaidh ón suirbhé Work Positive in 2024, dul i dteagmháil leis an bhfoireann chun an plean gníomhaíochta a tháinig as a chur i bhfeidhm.
- ▶ An chéad bhliain de Straitéis Sonraí an Údaráis 2025-2027 a chur i bhfeidhm, ina ndíreofar ar cháilíocht sonraí agus rialachas sonraí.
- ▶ A fhiosrú conas is féidir intleacht shaorga a úsáid chun breis luacha a chur le cleachtais oibre inmheánacha.
- ▶ Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta dár gClár Feabhsúcháin um Shlándaíl Faisnéise, chun slándaíl ar ár gcórais agus ár dtimpeallacht a mhéadú agus chun a chinntiú go bhfuil plean freagartha cibeartheagmhais láidir i bhfeidhm.



Torthaí ár gcuid oibre a thomhas níos fearr

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Mar atá curtha chun tosaigh i Straitéis 2025-2027 an Údaráis, na chéad chéimeanna a chur i gcrích chun creat tuairiscithe a fhorbairt a fhágann gur féidir linn torthaí dearfacha a léiriú ar leibhéal straitéiseach. Bainfear é seo amach trí thionscadail ar leith chun bealaí nua oibre a léiriú. Áiritheoidh na tionscadail go n-úsáidfear an raon iomlán idirghabhálacha atá ar fáil don Údarás agus beidh tuairisciú ar fheidhmíocht na dtionscadal bunaithe ar thorthaí.
- ▶ Bliain deiridh den Straitéis Chumarsáide agus den Straitéis Daoine a chur i bhfeidhm. Athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na straitéisí trí bliana seo agus cuir chuige don todhchaí a phleanáil.



Luach na hinfheistíochta a dhéantar sa teicneolaíocht a uasmhádú

In 2025 déanfaimid na nithe seo a leanas:

- ▶ Ár n-ardán cásbhainistíochta nua a fhorbairt tuilleadh chun éifeachtúlachtaí a mhéadú agus eispéiris an chustaiméara a fheabhsú, ina ndíreofar ar réimsí mar uathobriú, soghluaisteacht agus tairseacha do chustaiméirí.
- ▶ Cinntiú go bhfeabhsaítear feidhmchláir atá dírithe ar chustaiméirí chun ionchais na gcustaiméirí a chomhlíonadh, comhsheasmhacht a ghilacadh ó thaobh cur chuige de, agus riachtanais inrochtaineachta a chomhlíonadh go hiomlán
- ▶ Riachtanais a shainiú do Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Córas Bainistíochta Foghlama nua, agus tús a chur le soláthar mar is cuí.
- ▶ Córas Bainisteoir Caidrimh Cliant Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú agus uirlisí TF eile a fhorbairt chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht a uasmhádú.



Ár dTionchar a Thomhas

Déanfar monatóireacht ar an gclár oibre seo agus úsáid á baint as raon beart toraidh agus aschuir. Déanfar monatóireacht rialta ar ár ngníomhaíochtaí agus cuirfear tuairisc orthu chuig an mBord agus chuig an Roinn.

Inár dTuarascálacha Bliantúla déanfaimid measúnú agus breithmheas ar fheidhmiú gach cláir bhliantúil, agus tabharfaimid tuairisc freisin ar an dul chun cinn i gcoinne na dtorthaí straitéiseacha fadtéarmacha.

Bainfear amach go leor dár dtorthaí straitéiseacha thar thrí chlár oibre bhliantúla laistigh de thréimhse na straitéise, agus ina dhiaidh sin.

Chun an dul chun cinn seo a thaifeadadh, forbróimid raon de bhearta torthaí ardleibhéil, agus táscairí gaolmhara, a ligfidh dúinn a léiriú cár éirigh linn na tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh agus tionchar dearfach a bhaint amach.

Leanfaimid orainn ag tuairisciú na méadrachta aschuir agus na spriocanna seo a leanas mar a comhaontaíodh le RFTF inár gComhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta bliantúil. Tabharfar tuairiscí ar an méadracht seo go rialta don Bhord, agus faomhfaidh an Bord tuarascálacha ráithiúla agus cuirfear faoi bhráid an RFTF iad.

Méadracht sprice aschuir	2025
Cigireachtaí (<i>Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde</i>)	11,000 (10,000 roimhe seo)
Cigireachtaí (<i>An tAcht Ceimiceán agus Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar</i>)	900 (650 roimhe seo)
Measúnuithe Faireachais Margaidh (<i>Táirgí Ceimiceacha</i>)	750 (250 roimhe seo)
Measúnuithe Faireachais Margaidh (<i>Táirgí Tionscail</i>)	450 (325 roimhe seo)
Úsáideoirí nua BeSMART	10,000
Tuairimí eolaíochta ullmhaithe do Choistí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (GEC)	4
Tograí nua chun aicmiú agus lipéadú substaintí a chomhchuihbhiú	1
Cinntí creidiúnaithe (<i>Feidhmchláir nua</i>)	15
Cinntí creidiúnaithe (<i>Creidiúnú atá ann cheana a athnuachan nó leathnú ar an raon feidhme</i>)	400
Cúrsa foghlama ÚSS tógtha	60,000





Ár bhfís:

Saol oibre sláintiúil agus sábháilte a sholáthar agus cur le frontair tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Fón: 0818 289 389

www.hsa.ie